Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2021 (OR. en)**

**11788/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0228(COD)**

**CODEC 1212**
**UK 203**
**TRANS 545**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2222 chun síneadh a chur le tréimhse bhailíochta dheimhnithe sábháilteachta agus cheadúnais na ngnóthas iarnróid a oibríonn trí Nasc Seasta Mhuir nIocht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún ach chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

3. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

4. An 1 Meán Fómhair 2021, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh ar ar thángthas ar chomhaontú ina leith le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Choiste TRAN ina ndéarfar, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir athbhreithnithe arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfaidh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

[1] 10787/21.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Meán Fómhair 2021[2].

6. Ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Meán Fómhair 2021, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfaí ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 62/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 62/21 é.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[2] 11760/21.